

# Taifid Cuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

Maidir leis an Treoir seo	2
Cad a chiallaíonn taifid cuntasáochta?	2
Cad a chiallaíonn taifid cuntasáochta leordhóthanacha?	2
Cad is ceart a bheith i dtaifid cuntasáochta leordhóthanacha?	3
Cé a chaitheann taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choinneáil?	4
Cá gcoinnítear na taifid cuntasáochta?	4
Cad a tharlaíonn sa chás nach gcoinníonn cuideachta taifid cuntasáochta leordhóthanacha?	4
An bhfuil sé ina chion gan cuntais cuntasáochta leordhóthanacha a choinneáil?	5
Cén pionós a ghearrtar nuair nach gcoinnítear taifid cuntasáochta leordhóthanacha?	5
Cad a chiallaíonn ciontú i gcoir?	6
An bhfuil cionta eile a bhaineann le taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choinneáil?	6
An bhfuil dliteanas ar na stiúrthóirí?	7

## Maidir leis an Treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn a mhíniú cén fáth a gcaitear – de réir an dlí – taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil.

Níl sa treoir ach cuntas achoimre ar na rialacha maidir le taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád. Má tá na cuntais ag aon chuideachta faoi leith ina ábhar buartha agat, ba chóir duit comhairle dlíodóra neamhspleách a lorg.

## Cad a chiallaíonn taifid cuntasaíochta?

---

Is taifead na taifid cuntasaíochta ar ioncam agus ar chaiteachas cuideachta. Úsáidtear an t-eolas iontu chun ráitis airgeadais bhliantúla na cuideachta a ullmhú. Is féidir na taifid a choinneáil i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach.

## Cad a chiallaíonn taifid cuntasaíochta leordhóthanacha?

---

Bíonn taifead cruinn láithreach ar bhearta uile na cuideachta i gceist le taifid cuntasaíochta leordhóthanacha. Fágann siad gur féidir staid airgeadais na cuideachta a mheas go réasúnta cruinn tráth ar bith. Mínítear iontu:

- an t-airgead ar fad a fhaigheann an chuideachta agus a chaitheann an chuideachta;
- sócmhainní agus fiacha uile na cuideachta;
- ceannachán agus díolachán uile na cuideachta;
- taifid ar an stoc atá i seilbh na cuideachta; agus
- taifid ar sheirbhísí a chuireann an chuideachta ar fáil.

Ba cheart go mbeadh na hiontrálacha bord ar bhord leis an aimsir agus i gcomhréir ó bhliain go chéile ionas gur féidir na ráitis airgeadais maidir le tréimhsí éagsúla a chur i gcomórtas lena chéile. Ba cheart go mbeadh dóthain eolais sna taifid cuntasaíocht agus gur féidir leis an gcuideachta foireann iomlán ráiteas airgeadais a ullmhú, de réir mar a éilítear faoin dlí. Ní mór freisin iad a chur i láthair sa chaoi is gur féidir leis na hiniúcháir an iniúcháireacht chuí a dhéanamh. Is athbhreithniú an iniúcháireacht ar ráitis airgeadais na cuideachta arna dhéanamh ag saineolaí neamhspleách ar a dtugtar iniúcháir.

## Cad is ceart a lua i dtaifid cuntasaíochta leordhóthanacha?

Ba cheart mionsonraí a bheith sna taifid cuntasaíochta ar nithe mar seo a leanas:

- an méid airgid a fhaigheann agus a chaitheann an chuideachta gach lá (an t-ioncam agus an caiteachas);
- foinse an airgid agus na nithe ar a gcaitheann an chuideachta airgead;
- a bhfuil faoi úinéireacht na cuideachta agus a bhfuil dlite ón gcuideachta (na sócmhainní agus na dliteanais);
- páirt na cuideachta, más páirt ar bith é, i ndíol agus i gceannach earraí, maille le taifead ar shonraisc mhionsonraithe (sonraí agus costas gach míre); agus
- páirt na cuideachta, más páirt ar bith é, i ndíol agus i gceannach seirbhísí, maille le taifead ar shonraisc mhionsonraithe.

## Cé a chaitheann taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil?

Ní mór do gach cuideachta ar Chlár na gCuideachtaí in Éirinn taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil agus na taifid sin a bheith ar coimeád acu go ceann sé bliana ar a laghad tar éis dháta deiridh na gcontas. Mar shampla, ní mór cuntais don bhliain 2015 a choinneáil go dtí deireadh na bliana 2021 ar a luaithe.

## Cá gcoinnítear na taifid cuntasaíochta?

Ba chóir na taifid cuntasaíochta a choinneáil:

- ag oifig chláraithe na cuideachta; **nó**
- ag seoladh ar a socraíonn stiúrthóirí na cuideachta.

Ní mór don chuideachta lígean do na stiúrthóirí na taifid a scrúdú ag tráth réasúnta ar bith. Sa chás go gcoinníonn an chuideachta na taifid ag seoladh taobh amuigh d'Éirinn, ní mór don chuideachta mionsonraí faoi na taifid a sheoladh ar ais go hÉirinn gach sé mhí ar a laghad ionas gur féidir leis na stiúrthóirí staid airgeadais na cuideachta a mheas go réasúnta cruinn.

## Cad a tharlaíonn sa chás nach gcoinníonn cuideachta taifid cuntasaíochta leordhóthanacha?

D'fhéadfadh nuair a chuireann cuideachta cuntais á n-iniúchadh, go dtabharfadh an t-iniúcháir faoi deara go bhfuil eolas tábhachtach in easnamh nó nár coinníodh tuairisc air mar ba chóir. Sa chás sin, ní mór don iniúcháir sin a chur in iúl d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) agus, i gcásanna áirithe, do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Sa chás go dtugann aon duine eile faoi deara nach bhfuil cuntais

cuntasaíochta leordhóthanacha á gcoinneáil ag cuideachta, is féidir leis an té sin tuairisc a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra chomh maith.

## An bhfuil sé ina chion gan cuntais cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil?

Is cion coiriúil atá ann ag cuideachta gan taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil. Is cion coiriúil atá ann freisin ag stiúrthóir cuideachta gan gach beart réasúnach a dhéanamh chun cinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid cuntasaíochta leordhóthanacha. Ina ainneoin sin, sa chás go raibh fónamh á bhaint ag na stiúrthóirí as seirbhísí dhuine inniúil iontaofa (mar shampla cuntasóir neamhspleách) chun taifid cuntasaíochta a choinneáil, agus nach ndearna an té sin dá réir sin, ní féidir ina leithéid de chás na stiúrthóirí a ionchúiseamh.

## Cén pionós a ghearrtar nuair nach gcoinnítear taifid cuntasaíochta leordhóthanacha?

Is cion coiriúil atá ann gan taifid leordhóthanacha a choinneáil. Ciallaíonn sin go mbeidh á lua go buan le hoifigeach nó iaroifigeach (stiúrthóir) ar bith go raibh sé/sí ciontach i gcoir.

Is féidir cionta coiriúla faoi Achtanna na gCuideachtaí a chúiseamh ar dhá bhealach os comhair na Cúirte in Éirinn:

- sa Chúirt Dúiche os comhair breithimh gan aon ghiúiré. Seo mar a dhéantar i gcás cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach le cionta eile; agus
- sa Chúirt Chuarda os comhair breithimh agus giúiré. Seo mar a dhéantar i gcás cionta is tromchúisí ná cionta eile.

Sa chás gur os comhair na Cúirte Dúiche a thugtar cúis, is é pionós a ghabhann le mainneachtain taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil:

- fíneáil suas le €5,000; nó
- téarma príosúnachta suas le 12 mhí; nó
- fíneáil móide téarma príosúnachta.

Sa chás gur os comhair na Cúirte Cuarda a thugtar cúis, is é pionós a ghabhann le mainneachtain taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil:

- fíneáil suas le €50,000; nó
- téarma príosúnachta suas le cúig bhliana; nó
- fíneáil móide téarma príosúnachta.

## Cad a chiallaíonn ciontú i gcoir?

---

Nuair is é breith na cúirte go bhfuil duine ciontach i gcion coiriúil, déantar an té sin a chiontú i gcoir agus bíonn an choiriúlacht sin le lua mar thaifead leis an té sin feasta.

## An bhfuil cionta eile a bhaineann le taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil?

---

Déantar cion sa chás nach raibh taifid cuntasaíochta leordhóthanacha á gcoinneáil ag cuideachta agus gurbh chuid sin den chúis nach raibh an chuideachta in achmhainn a cuid fiach a ghlanadh agus go ndearnadh a leachtú.




## An bhfuil dliteanas ar na stiúrthóirí?

---

Sa chás go raibh baint ag mainneachtain tairfid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád le cuideachta a chur á leachtú, is féidir leis an leachtaitheoir nó le creidiúnaí (a bhfuil airgead dlite dó ón gcuideachta) a iarraidh ar an gcúirt a chinneadh go bhfuil na stiúrthóirí faoi dhliteanas pearsanta ‘gan aon teorainn’ maidir le fiacha na cuideachta. Fágann dliteanas gan aon teorainn go bhféadfadh stiúrthóirí a n-áiteanna cónaithe, maoin áitribh agus sócmhainní airgeadais eile a chailleadh.







Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*